Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6291/26**

**COPS 88**
**EUMC 54**
**POLMIL 74**
**MAMA 33**
**MOG 32**
**COAFR 33**
**ASPIDES 6**
**CFSP/PESC 229**
**CSDP/PSDC 85**
**PSC DEC 4**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2217 (EUNAVFOR ASPIDES/1/2026) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh**
**a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh**
**chun saoirse loingseoireachta a chosaint**
**i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) a**
**gus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2217**
**(EUNAVFOR ASPIDES/1/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)[1], agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

[1] IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583 lenar bunaíodh oibríocht slándála muirí mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun an tsaoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 22 Deireadh Fómhair 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2217[2], lenar ceapadh an Ceannasóir Michail LAMPIRIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 6 Samhain 2025.

(4) An 9 Feabhra 2026, mhol údaráis mhíleata na Gréige an Ceannasóir Grigorios NOUSIAS a cheapadh i gcomharbas ar an gCeannasóir Michail LAMPIRIS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ('an ceapachán atá beartaithe')..

(5) An 9 Feabhra 2026, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gcinneadh atá beartaithe a cheapadh.

(6) An 11 Feabhra 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh siad go gceapfaí an Ceannasóir Grigorios NOUSIAS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh don tréimhse ó 18 Feabhra 2026 go dtí an 14 Márta 2026.

---

[2] Cinneadh (CBES) 2025/2217 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Deireadh Fómhair 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1224 (EUNAVFOR ASPIDES/4/2025) (IO L, 2025/2217, 30.10.2025) ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2217/oj).

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Grigorios NOUSIAS a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa an Aontais ar EUNAVFOR ASPIDES.

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh sin ón 18 Feabhra 2026 chun leanúnachas a áirithiú i gcúraimí Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(9) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/2217 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Ceannasóir Grigorios NOUSIAS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) don tréimhse ón 18 Feabhra 2026 go dtí an 14 Márta 2026.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/2217 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 18 Feabhra 2026.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*